


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | An Coláiste Sláinte agus Eolaíochtaí Talmhaíochta |
| **Scoil \| Aonad** | Scoil an Leighis |
| **Teideal an Phoist & Limistéar Ábhair** *(más ábhartha)* | **Bainisteoir Gnóthaí Cáilíochta agus Rialála** |
| **Fad an Phoist:** | Post sealadach chun críche sonracha, thart ar 12 mhí – clúdach do shaoire mháithreachais |
| **Grád** | Oifigeach Riaracháin IA |
| **Scála Tuarastail** | €72,750 - €85,012 |
| **Cnuasach Poist and Leibhéal Gairme** | Oibríochtaí & Bainistíocht Acadúla agus Cláir (APOM) – Leibhéal Gairme 5 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2014/055 |
| **Bainisteoir Líne** | An tOllamh Peter Doran |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 020248 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Nicole Johnston |
| **For Applications and Closing Date:** | https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/ |
| **Incháilithe do Chead Oibre** | Níl |

## Achoimre ar an bPost:

Is saoráid othardhírithe é an tIonad Taighde Chliniciúil UCD (UCD CRC) atá faoi stiúir scoláirí agus le haghaidh taighde aistrithigh chliniciúil ag na hOspidéil Ollscoile Mater Misericordiae agus Naomh Uinseann. Feidhmítear é faoi struchtúr rialachais comhtháite amháin laistigh de Scoil an Leighis UCD. De bhreis ar thacú le punann mór de thionscadail thaighde chliniciúla atá faoi stiúir imscrúdaitheoirí san earnáil, tá an tIonad Taighde Chliniciúil UCD ar thús cadhnaíochta maidir le seachadadh oiliúna taighde chliniciúil. Is pointe comhtheagmhálach é an t-ionad chun dul i mbun plé le tionscal (cuideachtaí cógaisíochta, CROanna, údaráis rialála) agus a mbítear ag comhoibriú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta ar rátaí méadaitheacha.

Tá an post **Cúrsaí Cáilíochta agus rialála** ríthábhachtach i dtaca le rath leanúnach an Ionaid Thaighde Chliniciúil UCD agus lena dtacófar le ceannasaíocht an ionaid trí:

- Córais cháilíochta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chothabháil laistigh den Ionad Taighde Chliniciúil.
- Tacaíocht a sholáthar d'Imscrúdaitheoirí ag tabhairt faoi thrialacha cliniciúla arna dtosú ag imscrúdaitheoirí.
- Iarratais ar Trialacha Cliniciúla a chomhordú agus iad á gcur faoi bhráid comhlachtaí rialála.
- Tionscnaimh dhearbhaithe Cáilíochta a fhorbairt agus a stiúradh.